



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Tuarascáil Bhliantúil



2017



Quality and Qualifications Ireland

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

Contents

Tuarascáil Bhliantúil 2017 an QQI	
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	1
Maidir leis an QQI	2
Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna	4
Dul chun cinn i gcomparáid lenár gCuspóirí in 2017	5
Rialachas	21
Struchtúir Rialachais Fo-Bhoird	23
Gnóthaí Corparáideacha	25
Aguisíní	28



Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo don bhliain 2017 príomhghníomhaíochtaí an QQI ina chúigiú bliain ghnó. Is é seo an dara tuarascáil laistigh de thréimhse dhara ráiteas straitéise na heagraíochta 2016-2018.

Bhí seacht gcrúinniú ag Bord an QQI i gcaitheamh na bliana. D'éag téarma oifig chéad Bhord an QQI i Samhain 2017. Ba mhaith liom moladh ar leith a thabhairt don mhéid a rinne Ann Louise Gilligan, a cailleadh i Meitheamh 2017, ar son Bhord an QQI.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gordon Clark, leis, an Cathaoirleach atá ag éirí as, as an mBord a threorú ó bunaíodh é agus leis na hiarchomhaltaí Jim Moore agus Una Buckley.

Bhí sé fhochoiste an Bhoird, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí (PAEC), an Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (PAOC), an Coiste um Cheadú agus Athbhreithnithe (ARC) an Coiste um Beartais agus Caighdeáin (PSC) agus an Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair i mbun oibre i gcónaí agus ag tuairisciú don Bhord maidir lena gcuid gníomhaíochtaí. Cuirtear torthaí chruinnithe an Bhoird agus chruinnithe na gcoistí ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na heagraíochta.

I mbliana a lainseáil an tAire Stáit Ardoideachais timthriall an QQI um Athbhreithniú Institiúideach ar an Ardoideachas (CINNTE) agus d'fhoilsíomar measúnú ar thionchar beartais maidir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

B'ábhar áthais dúinn ceithre cinn de chomhdhálacha, ar fhreastal líon mór daoine ar gach ceann díobh, a eagrú maidir le: Digitíú i gCáilíochtaí; Múineadh an Bhéarla; Soláthar Comhoibritheach san Ardoideachas san Eoraip (i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa RA, an Quality Assurance Agency for Higher Education) agus an tIdirnáisiúnú san Ardoideachas (i gcomhar leis an Údarás um Ardoideachas).

In 2017 bhog an QQI ar aghaidh ó chéimeanna an bhunaithe agus na forbartha beartais go dtí céimeanna a chuimsigh gnóthaí oibríochtúla níos gníomhaí, i ndáil le dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí. I gcaitheamh na bliana, nótáil agus cheadaigh an QQI nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta i gcás 22 soláthraí ardoideachais a rialaítear go poiblí, lena n-áirítear gach ceann de na hollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta. Thug foireann an QQI cuairt ar gach ceann de na 16 bhord oideachais agus oiliúna (ETBanna) mar ullmhúchán d'aontú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta na ETBanna i 2018. Chas foireann an QQI ar 350 soláthraí ardoideachais eile den QQI agus thug mionteagasc dóibh, mar ullmhúchán d'aontú a gcuid nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta.

Ba i mbliana a bhailíochtaigh an QQI cláir nua phrintíseachta sna disciplíní seo a leanas: Cuntasaíocht, Innealtóireacht Líonra, Forbairt Bogearraí agus Seirbhísí Airgeadais.

Rinne iar-obair, leis, ar mholtaí tús áite a rinneadh san Athbhreithniú Eagraíochtúil ar an QQI, a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2016.

An Dr Pádraig Walsh Príomhfheidhmeannach, an QQI

Maidir leis an QQI

Bunaíodh an QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012. Is gníomhaireacht stáit é, agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. <http://www.qqi.ie/Publications/Qualifications and Quality Assurance Act 2012.pdf>

Táimid freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oilíúint in Éirinn. Déanaimid cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a bhronnadh agus is muidne atá freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.

Tá geallsealbhoirí againn i ngach earnáil oideachais agus oiliúna: foghlaimeoirí, soláthraithe, fostóirí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí maoiniúcháin, comhlachtaí rialála, comhlachtaí gairmiúla, comhlachtaí dáfa cáilíochtaí, an earnáil pobail agus deonach, comhlachtaí ionadacha agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

GLUAIS NA NACRAINMNEACHA

Acrainm	Teideal iomlán
ACELS	The Accreditation and Coordination of English Language Services
ACELS CELT	Accreditation and Coordination of English Language Services Certificate in English Language Teaching
AIQR	Annual Institutional Quality Assurance Report
ARC	Approvals and Reviews Committee
BALEAP	British Association of Lecturers in English for Academic Purposes
Cedefop	European Centre for the Development of Vocational Training
DAB	Designated Awarding Bodies
DES	Department of Education and Skills
DIT	Dublin Institute of Technology
Eaquals	Evaluation and Accreditation of Quality Language Services
EDUroam	Education Roaming Access Service
ELE	English Language Education
ENIC	European Network of Information Centre in the European Region
ENIC-NARIC	European Network of Information Centre in the European Region - National Academic Recognition Information Centre
EQF	European Qualifications Framework
ETB	Education and Training Board
ETBI	Education and Training Boards Ireland
FET	Irish Further Education and Training
GDPR	General Data Protection Regulation

HE	Higher Education
HEA	Higher Education Authority
HECA	Higher Education Colleges Association
HELS	The Higher Education Links Scheme
HET	Higher Education and Training
HLG	High Level Group on International Education
IHEQN	Irish Higher Education Quality Network
IoT	Institutes of Technology
IOTI	The Institutes of Technology Ireland
IQAVET	Irish Quality Assurance Network for Vocational Education and Training
IUA	Irish Universities Association
IUIL	Institut Universitaire International Luxembourg
JR	Judicial Review
MEI	Marketing English in Ireland
MFA	Management Framework Agreement
MIC	Mary Immaculate College
NARIC	National Academic Recognition Information Centre
NEC	National Europass Centre
NFQ	National Framework of Qualifications
NUI	The National University of Ireland
PAEC	Programmes and Awards Executive Committee
PMDS	Performance and Development Management System
POAC	Programmes and Awards Oversight Committee
PSC	Policies and Standards Committee
QA	Quality Assurance
QAA	Quality Assurance Agency (UK)
QQI	Quality and Qualifications Ireland
RSCI	Royal College of Surgeons in Ireland
RPL	Recognition of Prior Learning
SIC	System of Internal Control
SIFC	System of Internal Financial Control
TNE	Transnational Education Review
ToR	Terms of Reference
TY Ireland	Transition Year Ireland
USI	Union of Students in Ireland
VET	Vocational Education and Training
VISKA	Visible Skills of Adults

Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna

ÁR BHFÍS

Deiseanna ardchaighdeáin forleathana oideachais agus oiliúna a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

ÁR MISEAN

Is é ár misean:

- Breisiú na cáilíochta i gcórais bhreisoideachais agus oiliúna agus i gcóras ardoideachais agus oiliúna na hÉireann a chur chun cinn;
- Cáilíocht soláthraithe a dhearbhu; agus
- Tacú le córas cáilíochtaí atá ar leas foghlaim agus geallsealbhóirí eile agus an córas sin a chur chun cinn.

ÁR LUACHANNA

A bheith foghlaimoír-lárnach: An cultúr a chuirimid chun cinn i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus i gcáilíochtaí, is cultúr rochtana, freagrúlachta, solúbthachta, iontaobh agus cáilíochta é. Cuirimid an foghlaimoír i gceartlár obair na heagraíochta agus spreagaimid geallsealbhóirí chun déanamh amhlaidh.

A bheith dírithe ar fheabhsú: Is eagraíocht sinn atá ag foghlaim agus ag forbairt agus geallaimid caighdeán ár gcuid oibre a mheas agus a fheabhsú go leanúnach. Is é sin an buntaca leis na cineálacha cur chuige atá againn i leith cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna a dhearbhu agus a chur chun cinn.

A bheith comhoibritheach: Téimid i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí chun muintín a chothú i ndeiseanna oideachais agus oiliúna agus in aithint cáilíochtaí agus chun na deiseanna sin agus an t-aitheantas sin a fheabhsú.

A bheith neamhspleách: Cé go n-oibrímid laistigh de chreat ginearálta bheartas an Rialtais, is eagraíocht neamhspleách sinn ó thaobh ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus cinntí a dhéanamh. Cuirimid romhainn a bheith macánta, trédhearcach, cóir, cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil.

A bheith gairmiúil: Caithimid le gach duine le meas, dínit agus cúirtéis. Comhlíonaimid na caighdeáin seirbhíse poiblí is airde maidir le bheith cuntasach, éifeachtach, freagrúil agus éifeachtúil.

Dul chun cinn i gcomparáid lenár gCuspóirí in 2017

Féachaimid le cinntiú go gcuirimid seirbhís ardchaighdeáin ar fáil a thugann luach ar airgead don cháiniócoir Chuireamar tús i 2017 leis an dara plean corparáideach, faoin dara ráiteas straitéise 2016-2018. Leagtar amach sa straitéis sin aidhmeanna agus cuspóirí an QQI sna chéad trí bliana eile. Sna ranna seo a leanas rianáitear an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na sé chuspóir amach go dtí deireadh 2017.

SPRIOC 1: Cinnteimid, i gcomhar le geallsealbhóirí, go n-úsáidtear an CNC agus a cháilíochtaí chun cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt, a mbeidh cuspóirí soiléire gairme agus / nó oideachais agus torthaí foghlama leo ar mhaithe le roghanna eolacha gairme agus roghanna eile

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

I Nollaig 2017 d'fhoilsíomar Measúnú ar Thionchar Bheartas an CNC. Ba thoradh e sin ar mheasúnú neamhspleách bliana a rinne Indecon (Comhairligh Idirnáisiúnta Geilleagair). Bailíodh faisnéis ar thionchar an CNC bunaithe ar phríomtháscairí ar leith trí shuirbhé forleathan a dhéanamh ar dhearcaí geallsealbhóirí:

- Trédhearcacht agus cáilíocht na gcáilíochtaí
- Forchéimniú intíre agus gluaisteacht idirnáisiúnta agus aithint cáilíochtaí
- A infhostaithí a bhí céimithe

Seo é an chéad anailís dhomhain a rinneadh ar an CNC ó aimsir an taighde a rinneadh mar chuid den Staidéar Creata um Fheidhmiúchán agus Tionchar i 2009. Tugann sé léargas ar an ról atá an CNC i sochaí na hÉireann agus léiríonn an méid a d'fhéadfadh an QQI a dhéanamh chun beartas sa réimse seo a chur chun cinn, a fheidhmiú tuilleadh agus a fhorbairt. Úsáidfean an anailís seo mar bhonn eolais faoin treo straitéiseach a ghlacfaidh an QQI i leith an CNC agus muid ag dul isteach i dtréimhse nua straitéiseach 2019-2021.


Comhdháil piarfhoghlama – An ndéanann na CNCanna aon difear? Tionchar an CNC a thomhas agus a mheasúnú

I Samhain 2017, thacaigh an QQI agus an Coimisiún Eorpach le Cedefop chun comhdháil piarfhoghlama a óstáil ag a bpléifí tionchar na gcreataí náisiúnta. Áirítear ar na nithe a pléadh féachaint an ndéanann creataí náisiúnta aon difear do na foghlaimoírí agus na saoránaigh dár ceapadh iad. Thug John O'Connor ón QQI léargas ar thaithí na hÉireann go dtí seo nuair a labhair sé ar an topaic: 'Why frameworks matter'. Bhí déantóirí beartais agus cleachtóirí ó 39 tír i láthair ag an ócáid, agus a bhformhór bainteach leis an réimse seo oibre.



Dámhachtainí an QQI

Gheofar sa ghrafaic faisnéise seo a leanas spléachadh ar an gcineál faisnéise a dhéanann an QQI a phróiseáil agus a chur ar fáil go digiteach. Aibhsítear ann líon mór na ndámhachtainí a rinneadh an QQI in 2017, líon na gceisteanna ó chustaiméirí a fuarthas tríd an gcóras ar líne agus foramharc ar líon na gclár, na soláthraithe, na mbeartas agus na faisnéise eile atá ar fáil ar líne.



Fuair 155,955 foghlaimoir teastas QQI ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí in 2017. Baineadh amach na dámhachtainí ar gach ceann de dheich leibhéal an CNC, agus an líon is mó acu ag leibhéal 5 (gheofar in aguisín 1 miondealú ar na mórdámhachtainí, miondámhachtainí, dámhachtainí forlíontacha a baineadh amach).

Foramharc ar na Mórdámhachtainí, Miondámhachtainí, Dámhachtainí Sainchuspóra agus Dámhachtainí Forlíontacha a rinneadh in 2017

Athbhreithniú ar Dhámhachtainí agus Caighdeáin

Geallaimid caighdeáin an CNC a fhorbairt d'fhostóirí, d'fhoghlaimoirí, do chomhlachtaí dámhachtana agus don lucht déanta beartas. Déanaimid amhlaidh trí na caighdeáin dámhachtana atá anois ann a athbhreithniú agus caighdeáin nua dámhachtana a fhorbairt nuair is cuí.

Chuamar i gcomhairle in 2017 maidir le:

- An cur chuige agus an sceideal d'athbhreithniú dámhachtainí an QQI ar leibhéal 1-9 den CNC
- Athbhreithniú ar Chreat Inniúlachtaí agus Scileanna an AE

In 2017, d'athbhreithníomar:

- Caighdeáin Slándála Príobháidí Leibhéal 4 as ar lean Teastas Sainchuspóra Leibhéal 4 i gCleachtais Slándála Dorais agus Teastas Sainchuspóra Leibhéal 4 i nGardáil Slándála.
- Teastas Leibhéal 5 i Staidéar Damhsa
- Teastas Leibhéal 5 sa Cheol
- Teastas Forlíontach Leibhéal 6 i Sábháilteacht an Gháis Tí
- Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 i Sábháilteacht Gáis Neamh-Thí

Caighdeáin Nua Dámhachtana


Geallaimid caighdeáin an CNC a fhorbairt d'fhostóirí, d'fhoghlaimoirí, do chomhlachtaí dámhachtana agus don lucht déanta beartas. In 2017 rinneadh na caighdeáin nua dámhachtana seo a leanas a fhorbairt agus/nó chuathas i gcomhairle maidir leo:

- Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 in Oibríochtaí Tráchtála sa Tumadóireacht Scúba
- Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 in Oibríochtaí Tumadóireachta a Sholáthraítear ar an Dromchla
- Sainteastas Leibhéal 6 i Staidéar Damhsa
- Sainteastas Leibhéal 6 sa Cheol

Forbairt Beartais

In 2017, d'fhoilsíomar na beartais agus na doiciméid seo a leanas a bhaineann le cúrsaí beartais:

- Lámhleabhar Athbhreithnithe CINNTE suíomh gréasáin an DAB – Meán Fómhair 2017
- Téarmaí Tagartha Athbhreithniú CINNTE DAB – Meán Fómhair 2017
- Lámhleabhar Athbhreithnithe CINNTE d'Institiúidí Teicneolaíochta – Meán Fómhair 2017
- Téarmaí Tagartha CINNTE d'Institiúidí Teicneolaíochta – Meán Fómhair 2017
- Sceideal Athbhreithnithe CINNTE – Meán Fómhair 2017
- Treoirínte sainearnála Dearbhú Cáilíochta do ETBanna – Bealtaine 2017



NARIC Ireland

Óstálann an QQI NARIC Ireland, seirbhís chomhairleach saor in aisce maidir le haithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn. Is cuid de líonra domhanda gníomhaireachtaí aitheanta cáilíochtaí muid, líonra a dtugtar ENIC-NARIC air. Tá os cionn 1,000 dámhachtain eachtrach liostaithe againn agus curtha i gcomparáid le leibhéal ar an CNC inár mbunachar sonraí aitheantais. Tugadh os cionn 70,000 cuairt aonair ar dhámhachtainí ar ár leathanaigh tíre in 2017, arbh ionann é agus 30% de mhéadú ar anailís 2016.

Ba iad na cúig phríomhthír mar ar íoslódáil faisnéis:

- Éire
- An Bhrasáil
- An Ríocht Aontaithe
- An Spáinn
- An Chróit

In Aibreán 2017, d'éascaíomar cuairt staidéir ónár gcomhghleacaithe ENIC-NARIC sa tSualainn.

Chuir siad spéis ar leith i dtuilleadh a fhoghlaim faoinár mbunachar sonraí ar líne mar eiseamláir dea-chleachtais. Faoi dheireadh 2017, bhí treoir d'úsáideoirí foilsithe againn in 5 theanga (le cois an Bhéarla). Anuas ar ár seirbhísí ar líne, d'fhreagraíomar os cionn 3,000 ceist ar an bhfón agus i ríomhphoist.



Europass

Is é an QQI a óstálann Ionad Náisiúnta Europass. Tá sé de chúram orainn, leis, tionscnamh Europass a chur chun cinn; cuireann Europass ar chumas na saoránach a gcuid doiciméad a chur in eagar chun go mbeidh tuiscint go héasca ar a scileanna agus cáilíochtaí thar lear. Chuireamar Europass chun cinn ag imeachtaí éagsúla lena n-áirítear Higher Options, imeachtaí le linn Sheachtain na bPost, TY Ireland agus an Comórtas Treabhdóireachta agus d'óstálar Grúpa Tagartha gníomhaireachtaí AE na Roinne Oideachais agus Scileanna. Anuas ar sin, d'óstálar cruinniú Europass den Nordic Baltic Western.

Qualifax

Óstálann an QQI Qualifax, arb é bunachar sonraí na hÉireann d'fhoghlaiméoirí, trína gcuirtear faisnéis bhreise ar fáil maidir le hardoideachas agus breisoideachas agus oiliúint. Rinneadh athchóiriú ar an suíomh gréasáin in 2017 chun na príomhleathanaigh a bharrfheabhsú. Gheofar ann, leis, féilire d'imeachtaí náisiúnta a bhaineann le cúrsaí oideachais agus oiliúna. D'oscail os cionn 500,000 úsáideoir aonair an suíomh roimh dheireadh na bliana. D'fhreastail foireann Qualifax ar imeachtaí áitiúla agus náisiúnta chun an tseirbhís a chur ar fáil. Ina measc sin bhí:

- Ardaghanna
- Comhdháil Bhliantúil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Seachtain na bPost (faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Teaghlaigh agus Sóisialaigh)

SPRIOC 2: Cinnteimid, i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí, go n-úsáidfean an CNC agus a cháilíochtaí chun cosáin foghlama ar feadh an tsaol a fhorbairt don fhorbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil

Aithint d'Fhoghlaim Roimh Ré

Is ionadaí na hÉireann é an QQI ar Ghrúpa Comhairleach an EQF, thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. In 2017, bhí an QQI rannpháirteach i gceithre chruinniú le Grúpa EQF ag ar pléadh slíte chun aitheantas d'fhoghlaim roimhe ré a bhainistiú ar leibhéal na hEorpa.

Tá Éire, trí obair an QQI, rannpháirteach i dtionscadal trí bliana VISKA (Scileanna Sofheicthe Daoine Fásta) atá á mhaoiniú ag Erasmus+ agus KA3. Díreann sa tionscadal ar an ngá atá le scileanna imirceach, teifeach, iarrthóirí tearmainn, agus daoine atá ar bheagán cáilíochtaí a dhéanamh níos feiceálaí chun an tréimhse ama go dtí go mbeidh siad fostaithe agus páirteach sa tsochaí a ghiorrú.

Is é Skills Norway atá ag treorú an tionscadail i gcomhar leis an QQI agus comhpháirtithe san Íoslainn agus sa Bheilg. Is iad Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí na comhpháirtithe taighde agus measúnaithe do thionscadal VISKA. Gheofar tuilleadh eolais ar VISKA ag www.viskaproject.eu.

ETB

In 2017, lean an QQI dá chomhar leis an ETBI mar chuid dá nGrúpa Feidhmithe na Stráitéise Dearbhaithe Cáilíochta. Dhréachtaigh na 16 ETB Tuarascálacha Feidhmiúcháin Féinmheasúnaithe agus Pleananna Feabhsúcháin Cáilíochta, agus aontaíodh go ndíreofaí ar rialachas corparáideach maidir le dearbhú cáilíochta. Faoi mhí na Nollag 2017, bhí 5 cinn d'ETBanna i mbun oibre chun a gcuid beartais agus nósanna imeachta DC a fhoilsiú ar aon dul leis na céimeanna deiridh ag feitheamh ar cheadú do bheartais agus nósanna imeachta reatha an QQI, agus comhlíonadh riachtanais cuntasachta agus trédhearcachta.

IQAVET

I Márta 2017, lainseálar Tuarascáil IQAVET ar Chomhoibriú ar mhaithe le Tionchar sa Dearbhú Cáilíochta - i dteannta a chéile ar fud na hEorpa. Ba é an treo a shocraigh na baill d'obair IQAVET mar líonra i 2017 díriú ar dhearbú cáilíochta na foghlama obairbhunaithe.

SPRIOC 3: Maoirseacht a dhéanamh ar chóras feabhsaithe um dhearbú cáilíochta atá cuimsitheach agus ina gcothromaítear an chuntasacht agus an feabhsú agus ina gcuirtear freagracht áitiúil chun cinn

Dearbhú Cáilíochta

D'fhorbair an QQI micreashuíomh um dhearbú cáilíochta trína dtugtar fáil éasca ar gach ábhar beartais agus treoirlíne atá ar fáil maidir le dearbhú cáilíochta. Is é aidhm an tsuímh seo tacaíocht bhreise a thabhairt do sholáthraithe ardoideachais, breisoideachais agus mhúineadh an Bhéarla maidir le dearbhú cáilíochta a gcuid clár agus seirbhísí. Gheofar ar an micreashuíomh gach ceann de na treoirlínte, beartais agus prionsabail i ndáil le dearbhú cáilíochta agus mínítear air mionsonraí gach ceann de na réimsí earnála.

In 2017, rinneamar dréachtú agus chuathas i gcomhairle maidir leis na treoirlínte reachtúla san Fhoghlaim Chumaisc a bhí sceidealta lena bhfoilsiú i R1, 2018.

Caidreamh a Athbhunú

In Eanáir 2017, chríochnaigh an QQI athbhunú an chaidrimh leis na 23 institiúid ardoideachais a mhaoinithear as an Státchiste, ar cuireadh tús leis in 2016. Chríochnaigh an QQI athbhunú an chaidrimh leis an earnáil seo trí chruinniú a eagrú le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile



Átha Luain, le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus le hInstitiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

Bhí cruinnithe neamhfhoirmeálta dialóige ag an QQI le hearnáil na gComhlachtaí Ainmnithe Dámhachtana ar fud na bliana. Anuas ar sin, bhí cruinnithe dialóige againn le gach ceann de na 16 bhord oideachais agus oiliúna.

An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn

Sheol na comhpháirtithe cláir, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI), an tÚdarás um Ardoideachas agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn, an Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn i Márta 2016. Féachtar, sa chlár seo, le cumas institiúideach a fhorbairt agus rannpháirtíocht na mac léinn laistigh d'institiúidí ardoideachais na hÉireann a mhéadú. Bhí cúig institiúid ardoideachais páirteach i gcéim phiolótach 2016 agus mhéadaigh an clár go dtí go raibh 23 institiúid ardoideachais sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha páirteach ann faoi Aibreán 2017.

Printíseachtaí

In 2017, cheap an QQI Bainisteoir um Dhearbhú Cáilíocht Printíseachtaí, post nua a cruthaíodh chun tacú le soláthar náisiúnta printíseachtaí agus chun an próiseas bailíochtaithe i gcás printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna nua a bhainistiú. Ba é an phríomhthosaíocht sa réimse seo i 2017 dul i mbun oibre le soláthraithe sna hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna a chuireann cláir phrintíseachta ar fáil agus tacú leo agus iad ag athrú chuig beartas Bailíochtú Clár an QQI.

Eagraíodh roinnt ceardlann do sholáthraithe i 2017 chun tacú le hiarratais ar phrintíseachtaí agus chun ról an QQI sa bhailíochtú a shoiléiriú.

- 6 Deireadh Fómhair: lainseáladh oiliúint ardoideachais agus printíseachta do chomhaltaí an phainéil bailíochtaithe cláir; bhí 73 rannpháirtí i láthair
- 1 Nollaig: D'fhreastail 100 rannpháirtí ar oiliúint do mheasúnóirí



(ó chlé) An Dr. Joseph Ryan, PF, Technological Higher Education Association (THEA), Natasha Kinsella, Comhairle na bPrintíseach agus Bainisteoir Fhóram na Scileanna Réigiúnacha, Baile Átha Cliath, James Eustace, Bainisteoir Tionscadail, SOLAS agus Alex Keys, Bainisteoir Dearbhú Cáilíochta maidir le Printíseachtaí, QQI ag an gCeardlann Printíseachta, 6 Deireadh Fómhair.

Gníomhaíocht bailíochtaithe cláir i gcás printíseachtaí i 2017:

Cineál an chláir	Cineál an phróisis	Cláir
HET	Cuairt painéil ar shuíomh	2
FET	Cuairt painéil ar shuíomh	16

Cláir Phrintíseachta a Bailíochtaíodh in 2017:

Soláthraí	Bailíochtaithe	Leibhéal
SOLAS (ann cheana)		
	- Ionstraimíocht Leictreach	Sainteastas Leibhéal 6
	- Ionstraimíocht	Sainteastas Leibhéal 6
	- Córais Leictreacha Slándála	Sainteastas Leibhéal 6
	- Innealtóireacht Déantúsaíocht Adhmaid	Sainteastas Leibhéal 6
	- Déanamh Uirlisí	Sainteastas Leibhéal 6
	- Crúdóireacht	Sainteastas Leibhéal 6
	- Meicníocht Thalmhaíochta	Sainteastas Leibhéal 6
	- Oibriú ar Mhiotal Leatháin	Sainteastas Leibhéal 6
	- Inslíú Tionsclaíoch	Sainteastas Leibhéal 6
	- Deisiú Creatlach Feithicle	Sainteastas Leibhéal 6
	- Bríceadóireacht agus Leagan Cloch	Sainteastas Leibhéal 6
	- Uathoibriú Meicniúil & Feistiú Cothabhála	Sainteastas Leibhéal 6
ETB Chiarraí		
	- Sainteastas sna hEalaíona Cócaireachta (TBC) Commis Chef	Leibhéal 6
Teicneoir Cuntasaíochta Éireann (ATI)		
	- Sainteastas sa Chuntasaíocht (TBC)	Leibhéal 6
Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI)		
	- Sainteastas Gnó i Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta	Leibhéal 6
	- Ard-Diplóma Gnó in Anailísíocht Sheirbhísí Airgeadais	Leibhéal 8
Conair Mhear chuig Teicneolaíocht na Faisnéise (FIT)		
	- Sainteastas i bhForbairt Bogearraí	Leibhéal 6
	- Sainteastas in Innealtóir Líonra TFC	Leibhéal 6



Díríodh sna himeachtaí oiliúna do mheastóirí (comhaltaí an phainéil bailíochtaíthe cláir) ar na cathaoirligh agus na rúnaithe, thar aon ní eile, cé gur clúdaíodh na ról uile.

Baineadh úsáid as aiseolas ó imeachtaí roimhe sin sna himeachtaí seo agus cuireadh ceardlanna ar fáil chun idirghníomhaíocht a spreagadh.

Anuas ar sin, d'fhoilsigh an QQI doiciméid acmhainní a chabhróidh le soláthraithe agus iarratas á dhéanamh ar bhailíochtú faoi na beartais agus critéir nua, pléadh iad seo ag na himeachtaí oiliúna agus leasaíodh iad bunaithe ar an aisolas a fuarthas; tá siad le léamh ar shuíomh gréasáin an QQI.

Seo a Leanas an Ghníomhaíocht in 2017 Maidir le Bailíochtú Clár (Athbhailíochtú agus Printíseachtaí san Áireamh):

Tugadh formhór na n-iarratas ar bhailíochtú chun críche laistigh de 25 seachtain, in HET próiseáladh 80% de na hiarratais laistigh de 25 seachtain, agus tugadh cuairt an phainéil ar an suíomh chun críche laistigh de 14 seachtaine. In FET, bailíochtaíodh 91% de na cláir laistigh de 25 seachtain, agus tugadh an cuairt painéil agus cuairt suímh chun críche, ar an mean laistigh de 12 seachtain. Gheofar eolas breise sa tábla:

Cineál an Chláir	Cineál an Phróisis	Líon na gClár	Meánlíon na seachtainí	Uaslíon na seachtainí	Íoslíon na seachtainí
HET	Cuairt Painéil ar an Suíomh	25	14.04	30	4
HET	Freagracht Chineachta	2	13.00	22	4
HET	Meastóireacht Deisce	2	5.50	10	1
FET	Cuairt Painéil ar an Suíomh	33	12.76	29	1
FET	Freagracht Chineachta	61	4.02	10	0
FET	Meastóireacht Deisce	26	9.92	21	3

Athbheithnithe Institiúideacha

Lainseáil thimthriall athbheithnithe CINNTE

I Meán Fómhair 2017, lainseáil Mary Mitchell O'Connor, an tAire Stáit Ardoideachais CINNTE, an chéad timthriall athbheithnithe le d'institiúidí ardoideachais a rialaítear go poiblí. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar 23 institiúid (ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus Coláiste Ríoga na Máinleá) a athbheithniú in imeacht na gcéad seacht mbliana eile. I ngach cás, is foireann neamhspleách saineolaithe agus piaraí a dhéanfaidh na hathbheithnithe.

Le go mbeadh sé ar fáil ag an am céanna agus an lainseáil, chuaigh an QQI i gcomhar le hearnálacha na gcomhlachtaí ainmnithe dámhachtana agus na n-institiúidí teicneolaíochta agus foilsíodh lámhleabhair maidir leis na réimsí i dtrácht. Ceapadh téarmaí tagartha agus lámhleabhair timthriallta do na h-institiúidí teicneolaíochta, na hollscoileanna agus comhlachtaí ainmnithe eile.



An tAire Stáit Ardoideachais Mary Mitchell O'Connor T.D. agus an Dr Pádraig Walsh, QQI Lainseáil Athbheithniú CINNTE, 26 Meán Fómhair 2017

Athbheithniú Institiúideach ar Choláiste Mhuire gan Smál (MIC)

Mar sholáthraí nasctha de chuid Ollscoil Luimnigh, tá Coláiste Mhuire gan Smál faoi réir athbheithniú agus dearbhú seachtrach cáilíochta ag Ollscoil Luimnigh nó má iarrann an QQI é. In 2015, iarradh ar an QQI athbheithniú a dhéanamh ar Choláiste Mhuire gan Smál agus d'fhoilsíomar an tuarascáil deiridh san athbheithniú institiúideach i mí Iúil 2017. Foireann neamhspleách arna ceapadh ag an QQI a rinne an t-athbheithniú. Gheofar na sonraí iomlána agus an tuarascáil deiridh ón leabharlann athbheithnithe ar ár suíomh gréasáin www.QQI.ie.

Athbheithniú Institiúideach ar Institut Universitaire International Luxembourg

I Meán Fómhair 2017, d'fhoilsigh an QQI an tuarascáil deiridh ar athbheithniú idirnáisiúnta institiúideach ar an IUIL. D'eagraigh an QQI an t-athbheithniú thar ceann an Ministère de l'Enseignement Supérieur et de la Recherche du Luxembourg. Ba é seo an chéad uair a tugadh conradh don QQI chun athbheithniú institiúideach a dhéanamh ar institiúid thar sáile thar ceann eagraíocht eile. Rinneadh an t-athbheithniú de réir chaighdeán agus treoirlínte na hEorpa d'athbheithnithe agus cuireadh na treoirlínte i dtoll a chéile idir an QQI, an IUIL agus an Ministère. An QQI a cheap an fhoireann athbheithnithe le comhaontú an Ministère agus an IUIL.

Athbheithniú Trasnáisiúnta ar an Oideachas

In 2017, d'iarr an QQI go ndéanfadh ár gcomhpháirtí RA, an QAA, athbheithniú ar chomhlachtaí dámhachtana RA a bhí i mbun oibre in Éirinn. Ba é cuspóir a bhí leis an athbheithniú tacú le forbairt TNE ag soláthraithe RA, ag cur san áireamh leasanna an QQI i soláthar RA laistigh dár ndlínse féin. Ghníomhaigh an t-aonad athbheithnithe timthriallaigh sa QQI mar an t-aonad nasctha don QAA ó thús deireadh an athbheithnithe agus chuidigh sé leo i gcónaí.

Tuarascálacha Bliantúla ar Cháilíocht Institiúideach (AIQRanna)

Tuarascáil achoimre an AIQR

Gach bliain ullmhaíonn an QQI achoimre ar na Tuarascálacha Bliantúla um Cháilíocht Institiúideach (AIQRanna) a fhoilsíonn institiúidí ardoideachais faoi rialú poiblí in Éirinn. Aibhsítear sa tuarascáil tionscnaimh cháilíochta ar tugadh fúthu sna hinstiúidí ardoideachais agus aithnítear téamaí cáilíochta atá i bpáirt ag na hinstiúidí. Áiríodh i dtuarascáil 2017 faisnéis ó ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta and Coláiste Ríoga na Máinleá.

Ar na buaicphointí ó thuarascáil na bliana seo bhí:

- Tionscnaimh leanúnacha le hinstiúidí chun taithí na mac léinn a fheabhsú, agus na hinstiúidí ag díriú ar thaithí lucht na chéad bhliana agus ar na rátaí forchéimnithe a fheabhsú.
- Fócas ar chultúr cáilíochta a chruthú ar leibhéal institiúide agus aonaid araon, agus fócas níos soiléire ar mhisean na dtionscnaimh.
- An úsáid a bhaintear as sonraí a mhéadú, mar bhonn le cáilíocht, agus tagarmharc náisiúnta do na hinstiúidí á sholáthar ag Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn go háirithe. Is iomaí institiúid ardoideachais a úsáideann a feidhmeanna taighde institiúideacha féin chun faisnéis a bhailiú mar thaca le dearbhú cáilíochta.
- An méadú ar a thábhachtaí atá dearbhú cáilíochta d'instiúidí ardoideachais na hÉireann agus próifíl na n-oifigí cáilíochta sna hinstiúidí sin.
- An tionchar leanúnach atá ag an laghdú ar chistiú, an Creat Rialaithe Fostaíochta agus planáil bhreise straitéiseach maidir le

Nuashonrú maidir le AIQRanna a chur isteach ar líne

In 2017, líomhchóirigh an QQI, i gcomhar le hollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta, córais

tuairiscithe ar líne le gur féidir AIQR na n-institiúidí ardoideachais a chur isteach go leictreonach. Ciallaíonn an córas ar líne go bhfuil fáil éasca ar thuairiscí agus go n-éascaítear foilsiú ar shuíomh gréasáin an QQI.

In 2017, den chéad uair, foilsíodh AIQRanna i gcás gach ceann de 22 institiúid ardoideachais na hÉireann ar shuíomh gréasáin an QQI. Tionóladh ceardlann d'fhoireann na n-institiúidí teicneolaíochta i nDeireadh Fómhair 2017 mar ullmhúchán do lainseáil an chórais nua.

Múineadh an Bhéarla

Oibríonn an QQI ACELS, trína ndéantar cigireachtaí agus monatóireacht ar sholáthraithe aitheanta ACELS, agus déanaimid cláir a bhaineann le cláir Mhúineadh an Bhéarla an QQI a bhailíochtú, agus oibrímid le geallsealbhóirí chun faisnéis i dtaca le Múineadh an Bhéarla a bhreisiú, a fhorbairt agus a chomhroinnt.

Is é ACELS an scéim náisiúnta creidiúnúcháin, agus in 2017 bhí 96 soláthraí aitheanta ACELS mar ionadaithe do 130 ionad nó mar sin ar fud na tíre. Gheofar sonraí ár ngníomhaíochtaí monatóireachta, bailíochtú clár agus obair chumarsáide agus breisithe sna grafaicí faisnéise seo a leanas:



SPRIOC 4: Cuirimid faisnéis shoiléir údarásach chuimsitheach ar fáil do gheallsealbhóirí agus don phobal i dtaobh ról, cúraimí agus gníomhaíochtaí an QQI

Creatchomhaontú Bainistíochta

Geallann an QQI caidreamh a bheidh tacúil go frithpháirteach a thógáil le geallsealbhóirí agus caidreamh láidir oibre a fhorbairt leis na príomhearnálacha. As sin rinneadh creatchomhaontú bliantúil bainistíochta a chur i dtoll a chéile leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is léiriú é an creatchomhaontú seo ar na gníomhaíochtaí sa phlean bliantúil corparáideach agus i bpríomhréimsí forbartha a aontaíodh leis an Roinn. Aontaíodh an creatchomhaontú leis an Roinn in Aibreán 2017 agus foilsíodh é ar ár suíomh gréasáin. Bíonn cruinnithe ráithiúla ag an QQI agus an Roinn chun a chéile a thabhairt cothrom le dáta ar dhul chun cinn ar na gníomhaíochtaí beartaithe.

Fóram Comhairleach

Bhí dhá chruinniú ag an bhfóram comhairleach in 2017, i mBealtaine agus i Samhain. Tá an fóram ann ó bhí 2014 ann. Athbhreithníodh an bhallraíocht in 2017 agus iarradh ar dheichniúr geallsealbhóirí nua bheith ar an bhfóram.

Ba iad téamaí na gcruinnithe in 2017: 11 Bealtaine: Athbhreithniú ar an bhfóram comhairleach agus ar an mballraíocht. Thapaíomar an deis chun téarmaí tagartha an ghrúpa a athbhreithniú agus aithníodh slite ina bhféadfaí an fóram a fheabhsú chun teagmháil agus plé leis na baill a éascú.

9 Samhain: Teagmháil éifeachtach leis na geallsealbhóirí. Cruinniú i bhfoirm ceardlainne a bhí anseo inar scrúdaíodh dúshláin agus deiseanna na heagraíochta anois agus níos faide anonn maidir le tosaíochtaí straitéiseacha a ainmniú.

Meáin Shóisialta agus Cumarsáid



I Lúnasa lainseáil an QQI a chéad chuntas eagraíochtúil meán sóisialta ar Twitter (@QQI_connect). Úsáidtear an cuntas go rialta chun leantóirí a thabhairt chun dáta ar obair an QQI, lena n-áirítear comhairliúcháin, imeachtaí, foilseacháin nua agus nuacht agus nuashonruithe ginearálta.

Inár bpríomhtvuít na bliana fógraíodh go raibh na dréacht-threoirínite um dhearbhu cáilíochta maidir le foghlaim chumaisc á bhfoilsíú le haghaidh comhairliú. Bhí 5,700 imprisean ag an bpostáil orgánach seo. Tá ag éirí leis an ardán leantóirí a mhealladh agus teagmháil a mhéadú.

Léiríomar sraith físeán corparáideach, leis, chun obair an QQI agus a réimsí éagsúla gnó a léiriú. Scaipeadh iad seo ar gheallsealbhóirí trí ríomhíris an QQI, foilsíodh iad ar ár gcainéal YouTube agus seoladh chuig ár leantóirí iad i dtvuíteanna.

Podchraoltaí


I Meitheamh, tháingamar le chéile leis an Irish Independent chun a sraith podchraoltaí 'Going to College' a urrú. I Lúnasa, nuair a eisíodh torthaí na hArdteistiméireachta, bhíomar rannpháirteach i gceithre phodchraoladh a d'óstáil John Walshe ón *Irish Independent*. Fógraíodh na podchraoltaí go digiteach agus d'éist os cionn 18,000 duine leo.

EIPEASÓID 1: Ullmhú do thorthaí na hArdteistiméireachta

EIPEASÓID 2: D'am a thógáil sula ndéanann tú do chinneadh

EIPEASÓID 3: Cad is féidir a dhéanamh mura bhfaigheann tú tairiscint ó choláiste

EIPEASÓID 4: Conas is fearr ullmhú do shaol an choláiste



Imeachtaí

An Clár Oibre Digiteach, Ról Cáilíochtaí agus Scileanna a athcheapadh Comhdháil Digitithe

I nDeireadh Fómhair 2017, d'óstáil an QQI an ócáid seo inar tugadh le chéile saineolaithe agus lucht féachana de lucht fiontair, oidí agus déantóirí beartais chun smaoineamh ar an tslí ar cheart scileanna agus inniúlachtaí nua, ag éirí as cruthaitheacht, fiontraíocht, foghlaim conas foghlaim, inniúlacht dhigiteach agus scileanna eile a shainmhíniú, a mhúineadh, a shealbhú agus a aithint.

Chláraigh os cionn 400 rannpháirtí agus ba í Ingrid Miley a d'éascaigh an chomhdháil:

- Digitiú agus Scileanna don Obair
- Éiceachóras Sonraí Digiteach do Mhic Léinn
- Digitiú agus Múineadh, Foghlaim agus Measúnú

Rinneadh suirbhé orthu siúd a d'fhreastail air, ag deireadh na comhdhála:

- Bhraith 95% de fhreagróirí go raibh caighdeán na gcainteoirí "Den scoth/An-mhaith"
- Dúirt formhór na bhfreagróirí (97%) go raibh siad sásta le hábhar agus leagan amach na comhdhála
- Mholfadh 97% díobh an chomhdháil seo do chomhghleacaí



(ó chlé) Ms Barbara Kelly, an Dr Pdraig Walsh, Ms Ingrid Miley agus Mr John O'Connor ag comhdháil an Digitalisation Agenda, Óstán Radisson Blu, Lána an Óir 24 Deireadh Fómhair 2017.

Ócáid Feabhsaithe Cáilíochta ar Mhúineadh an Bhéarla

Ba é seo an dara comhdháil náisiúnta mhúineadh an Bhéarla agus tionóladh é an 22 Samhain 2017. Ba é téama na comhdhála seo Bainistíocht ar Mhúineadh Éifeachtach an Bhéarla. Dhíríomar ar thrí phríomhchuid atá riachtanach chun go n-éireoidh le soláthraí mhúineadh an Bhéarla: measúnú; teagasc agus foghlaim; agus dearbhú cáilíochta. Chláraigh os cionn 170 rannpháirtí don ócáid. Rinneadh suirbhé orthu siúd a d'fhreastail air, ag deireadh na comhdhála:

- Bhí 94% sásta leis na cainteanna iomlánaíocha a cuireadh i láthair.
- Bhí 89% sásta le próiseas cláraithe ar líne na comhdhála.
- Bhí 83% sásta leis na seisiúin ar leithligh.



An Dr. Fiona Farr, Cathaoirleach Choiste Aitheanta ACELS agus Déan an Teagaisc agus na Foghlama in Ollscoil Luimnigh agus Ms Sue Hackett, QQI, ag ócáid ELE i bPáirc an Chrócaigh i Samhain 2017.

Soláthar Comhoibritheach san Ardoideachas san Eoraip

D'óstáil an QQI comhdháil i mBéal Feirste lenár gcomhpháirtithe RA i ndearbhú cáilíochta: an Quality Assurance Agency (QAA). Pléadh ag an gcomhdháil seo an mheastóireacht is déanaí a rinneadh ar sholáthar trasnáisiúnta idir an RA agus Éire agus soláthar comhoibritheach ar fud na hEorpa i gcoitinne.

SPRIOC 5: Maidir le cumas fhoireann an QQI chun iad féin a fhorbairt, bláthú agus bheith lánpháirteach ina gcuid oibre, déanfaimid é sin a chumasú agus a mhisiú go réamhghníomhach

Forbairt agus Oiliúint Foirne

Bíonn teagmháil rialta ag an QQI lena foireann tríd an nGrúpa Teagmhála le Fostaithe a chuimsíonn baill foirne ar gach leibhéal den eagraíocht. Mhaoirsigh an Fóram tionscnaimh éagsúla lena n-áirítear Clár Meabhairshláinte agus Folláine Dearfaí in 2017. Bíonn teagmháil rialta ag an QQI leis na ceardchumainn, leis, ar nithe a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

Tá bainisteoir seachtrach ar athrú fostaithe i bpáirt ag an QQI agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le feidhmiú na moltaí aontaithe a d'éirigh as an athbhreithniú ar an eagraíodh a tugadh chun críche ag deireadh 2016.

Tá bainisteoir seachtrach ar athrú fostaithe i bpáirt ag an QQI agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le feidhmiú na moltaí aontaithe a d'éirigh as an athbhreithniú ar an eagraíodh a tugadh chun críche ag deireadh 2016:

- Access
- Excel
- PowerPoint
- Meáin shóisialta
- Bainistíocht ama
- Scileanna gairmiúla Gaeilge
- Scileanna maoirseachta
- Scileanna scríbhneoireachta éifeachtúla
- Garchabhair
- Láimhsiú
- Ardscileanna léirithe

SPRIOC 6: Córais féinseirbhíse, próisis agus cumais theicneolaíochta an QQI a bhreisiú chun cáilíocht agus a éifeachtaí atá an tseirbhís uaidh a fheabhsú

Bhreisigh an QQI a sheirbhís do chustaiméirí trí fhoirmeacha nua iarratais ar líne a cheapadh mar aon le córas íocaíochta ar líne maidir le hatheisiúint taifead deimhnithe dámhachtainí agus do sheirbhís NARIC. Tá an tseirbhís níos éifeachtaí fós dár gcustaiméirí ó cuireadh uathchóras deimhnithe sonras leis.


Tá córais éifeachtacha bunaithe ag an QQI le haghaidh cumarsáid sheachtrach agus inmheánach trí chóras aonair teagmhálacha eolais a cheapadh, trína n-éascófar córas nua bainistíocht imeachtaí a fhorbrófar in 2018. Tá sé níos fusa ar fhoireann an QQI teacht ar sheirbhísí gréasáin go seachtrach agus ar gheallsealbhoirí teacht ar sheirbhísí den sórt céanna in áitreabh an QQI ó tugadh EDUroam isteach.

Rinneadh forbairt bhreise ar an tseirbhís faisnéise grafaí agus tugadh isteach córas nua inmheánach amharcléirithe chun anailís a dhéanamh ar theacht isteach ó tháillí, rud a chuireann leis an méid faisnéise inrochtana, cuimsithí agus chun dáta atá ar fáil.

Ceisteanna a fuarthas trí QHelp

Úsáideann an QQI córas ar líne ar a dtugtar QHelp chun ceisteanna a fhreagairt, córas atá ar fáil tríd an suíomh gréasáin. Cláraíonn daoine a bhfuil ceist acu a gcuid sonraí agus cuireann siad an cheist isteach, agus as sin cuirtear ar aghaidh chuig an gcóras lárnach seirbhíse do chustaiméirí í. Fuarthas 11,494 ceist tríd an gcóras seo in 2017.

Cuireann an tseirbhís QHelp roinnt alt ar fáil, leis, ina bhféachtar le freagraí a thabhairt ar cheisteanna coitianta. Ba é 92,313 líon na gcuairteanna aonair ar an tseirbhís seo in 2017, miondealaithe mar seo a leanas:



Rialachas

Bord an QQI

Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn an QQI. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a ainmníonn na comhaltaí. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla. Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparáideach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na gcuntas
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta a aistarraingt
- Bailíochtú cláir a aistarraingt
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdhámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Chun an éifeachtúlacht a mhéadú, bunaíodh roinnt coistí fo-bhoird a chabhraíonn leis an rialachas acadúil (gheofar tuilleadh faisnéise sa roinn ar rialachas fo-bhoird, lgh 28-29).

Tháinig chéad téarma cúig bliana Bhord an QQI chun críche an 5 Samhain 2017.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:

- Mr Gordon Clark (Cathaoirleach) (go 5 Samhain 2017)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach)
- An Dr Barbara Brittingham (Saineolaí idirnáisiúnta) (athcheaptha 6 Samhain 2017)
- Ms Una Buckley (Ionadaí foghlaimoírí) (go 5 Samhain 2017)
- Ms Mary Danagher (athcheaptha 6 Samhain 2017)
- An Dr Ann Louise Gilligan (go 15 Meitheamh 2017)
- Ms Joanne Harmon (athcheaptha 6 Samhain 2017)
- Mr. Oisín Hassan (ainmniúchán an USI) (ceaptha 21 Iúil 2017, athcheaptha 6 Samhain 2017)
- Mr. Jack Leahy (ainmniúchán an USI) (go 30 Meitheamh 2017)
- Mr Thomas McDermott (athcheaptha 6 Samhain 2017)
- Mr James Moore (go 5 Samhain 2017))

Bhí cruinnithe ag an mbord ar na dátaí seo a leanas in 2017:

- 10 Feabhra
- 7 Aibreán
- 22 agus 27 Meitheamh (cruinnithe neamhchorpartha)
- 21 Iúil
- 22 Meán Fómhair
- 3 Samhain



An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Comhlíonann an QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá na maoluithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Iar-éirí as / Scor
- Rúnaí an Bhoird
- Doiciméad a Choimeád
- Socruithe Rialachais
- Comhaontuithe Maoirseachta
- Ní mór don Bhord a chinntiú go gcuirtear na Comhaontuithe um Sheachadadh Feidhmiúlachta agus an Ráiteas Straitéise in iúl do chách
- Timthriall Cairte an Chustaiméara
- An Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí
- Deimhniú gur comhlíonadh na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí

Taifead Tinrimh Chomhaltáí an Bhoird ag Cruinnithe den Bhord in 2017

	10 Feabhra 2017	7 Aibreán	Neamh chorpártha 22 agus 27 Meitheamh	21 Iúil***	22 Meán Fómhair	3 Samhain	Uas	Tinreamh
Gordon Clark	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	7
Padraig Walsh	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	7
Barbara Brittingham	✓	✓	✓	-	✓	✓	7	6
Una Buckley	✓	✓	✓ (an 27ú amháin)	✓	✓	✓	7	6
Mary Danagher	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	7
Ann Louise Gilligan	✓	-					2	1
Joanne Harmon	✓	✓	✓	✓**	✓	✓	7	7
Oisín Hassan*					✓	✓	2	2
Jack Leahy*	✓	-	✓ (27th only)				4	2
Thomas McDermott	✓	✓	✓	✓	✓**	✓	7	7
James Moore	✓	✓	✓	✓	✓	-	7	6

* Ionadaí de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.

** i láthair trí chomhdháil ghutháin.

*** Bhí an cruinniú seo sceidealta le bheith ann an 16 Meitheamh 2017

Íocaíochtaí le Comhaltáí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltáí an Bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltáí an Bhoird in 2017. Ar na costais a íocadh bhí cóiríocht, taisteal intíre, eitiltí agus cothabháil. Íoctar costais taistil agus cothabhála chomhaltáí an Bhoird de réir na rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Ba é €16,456* costais iomlána an bhoird in 2017 (2016: €17,568).

Tuarastail agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €138,694.71* d'íocaíochtaí tuarastail in 2017 (2016: €136,276). Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bPríomhfheidhmeannach sa tréimhse sin. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €2,780* de chostais dheimhniú in 2017 (2016: €1,032).

Gheofar ár ráitis iniúchtar airgeadais ar ár suíomh gréasáin.

*Tógadh na figiúirí seo as dréachtráiteas airgeadais 2017.

STRUCHTÚIR RIALACHAIS FO-BHOIRD

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord maidir lena bhfreagrachtaí as fadhbanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe ó thaobh riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oifig Chuntasaíochta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a iomláine atá na dearbhuithe sin.

Comhaltáí: I gcoibhneas le líon an bhoird, beirt bhall den bhord a bhíonn ar an gcoiste: Thomas McDermott (Cathaoirleach) agus James Moore (go dtí an 3 Samhain 2017), agus ball seachtrach nach ball den bhord é: Tony Mealy (I gcomparáid le triúr mar atá sa Chód Cleachtais).

An Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (PAOC)

Is é feidhm an Choiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí an QQI. Is é a bhuntacaíonn le cinntí agus moltaí an Choiste saineolas agus moltaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann an QQI. Bhí deich gcrúinniú ag an PAEC i 2017.

Comhaltáí: Padraig Walsh (Cathaoirleach), Barbara Kelly, Angela Lambkin, Bryan Maguire, Karena Maguire, John O'Connor, Roisin Sweeney, Andrina Wafer.

An Coiste um Beartais agus Caighdeán (CBC)

Is é misean an Choiste Beartais agus Caighdeán a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas an QQI a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeán eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirilnte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhorhuiniú, agus féadfaidh sé gníomhú orthu. Bhí ceithre chruinniú ag an CBC i 2017.

Comhaltáí: James Moore (Cathaoirleach) (go dtí an 4 Meán Fómhair 2017), Lucien Bollaert, Bryan Fields (ón 8 Samhain 2017), Ann Louise Gilligan (go dtí an 15 Meitheamh 2017), Joanne Harmon, Ewart Keep, Barbara Kelly, Daire Keogh (ón 28 Aibreán 2017), Catherine MacEnri (go dtí an 29 Meitheamh 2017), Bryan Maguire, Aidan Mulkeen (go dtí an 19 Márta 2017), Ann-Marie Ryan.

An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD)

Is é misean an Choiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD) athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an CFCD, agus comhairle agus moltaí a chur ar fáil dá réir don CFCD maidir le comhlíonadh a mhisin. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an CFCD, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí ceithre chruinniú ag an CMCD in 2017.

Comhaltaí: Barbara Brittingham (Cathaoirleach), Ken Carroll (ón 22 Bealtaine 2017), Liz Carroll, Maureen Conway, Peter Cullen, Mary Danagher, Sarah Ingle (go dtí an 9 Aibreán 2017), Paul Lyons (ón 22 Bealtaine 2017), Anne Mangan, John D. Mulcahy.

An Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe (CCA)

Déanann an CCA cinntí agus moltaí maidir le ceadú nósanna imeachta um dhearbú cáilíochta, an Marc Idirnáisiúnta Oideachais agus údarás tarmligthe. Tá an Coiste freagrach, leis, as athbhreithnithe ar a éifeachtúla atá nósanna imeachta soláthraithe um dhearbú cáilíochta a cheadú. Bhí ceithre chruinniú ag an CCA in 2017.

Comhaltaí: Kevin Ryan (Cathaoirleach), Colette Harrison, Marie Kehoe O'Sullivan, Mary Sheridan, Ailsa Crumm, Oisín Hassan, Martin Lyes agus Geraldine Larkin.

Bhí Maurice Buckley, Una Buckley agus Jack Leahy ina mbaill den ARC in 2017 agus tháinig a dtéarmaí chun deiridh ag amanna difriúla i gcaitheamh na bliana.

An Coiste um Acmhainní Daonna agus an Eagraíocht

Is é cuspóir an Choiste um Acmhainní Daonna agus an Eagraíocht cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí acmhainní daonna agus eagair.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Acmhainní Daonna agus an Eagraíocht in 2017.

Comhaltaí: Gordon Clark (Cathaoirleach, go dtí an 3 Samhain 2017), Una Buckley (go dtí an 3 Samhain 2017), Mary Danagher, Joanne Harmon.

Gnóthaí Corparáideacha

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Trí bhall den Fheidhmeannacht is ea a thacaíonn leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2017, ar na dátaí seo a leanas:

- 3 Márta
- 21 Iúil
- 29 Meán Fómhair
- 3 Samhain

An Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh

Tá plan iniúchta inmheánaigh trí bliana ag an QQI, plan a thosaigh in 2017. Déantar iniúchadh inmheánach ar gach ceann de phríomhfheidhmeanna corparáideacha agus gnó an QQI. Tugadh na hiniúchtaí inmheánacha seo a leanas chun críche in 2017:

- Córas Bliantúil an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais 2016
- Iniúchadh Inmheánach ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 2016

- Ardriosca Uimh. 17 (iniúchadh inmheánach chun lagsholáthar cáilíochta a bhrath)
- Acht na dTeangacha Oifigiúla
- An Timthriall chun Dearbhú Cáilíochta a Fheabhsú
- An Timthriall Párolla agus Pearsanra
- An Timthriall Ioncaim

Feidhm an Iniúchta Sheachtraigh

De réir riachtanais sa chód cleachtais rialachais, chas an QQI ar Mr. Dinos Christodoulides, Iniúcháir Sinsearach, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Chas Mr Christodoulides agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ar a chéile an 3 Márta 2017.

Bainistíocht Riosca

Athbhreithníodh Beartas an QQI um Bainistíocht Riosca ag cruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i Meán Fómhair 2017. Thug an Coiste ar aird gur gá leasú eile a dhéanamh ar an Ráiteas athcheartaithe Inghlathachta Riosca chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar a fhorleithne atá gníomhaíochtaí an QQI. Cheadaigh an Coiste Iniúcháireachta agus



Riosca agus an Bord an Beartas athcheartaithe um Bainistíocht Riosca, lena gcorpraítear Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca eatramhach an 3 Samhain 2017.

An Clár Riosca

Rinneadh athbhreithniú domhain ar an gClár Riosca le linn 2017. Thacaigh oiliúint ar fud ghrúpa bainistíochta an AE leis seo, oiliúint a d'éascaigh grúpa lasmuigh. Le linn an phróisis seo, aithníodh na cúig chatagóir riosca seo a leanas:

- Inmharthanacht agus Indéantacht Airgeadais
- Eolas, Scileanna agus Inniúlachtaí
- Caidreamh agus Teagmháil idir Geallsealbhóirí
- Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha
- Dea-cháil

Na Príomhrioscaí

Rinne an Bord measúnú ar príomhrioscaí an QQI. Tá siad liostaithe thíos mar aon le cuid de na rialuithe atá de dhíth:

- An riosca: Éagumas chun próiseáil lánbhríoch bainistíochta airgeadais, próiseas rialaithe buiséid agus tuar leordhóthanach caiteachais a riar.

Maolaithe ag ceadú chun Bainisteoir Airgeadais a cheapadh, Córas Bainistíochta Airgeadais a chomhcheanglaigh chun gur féidir caiteachas a aithint ar leibhéal roinne, aonaid agus tionscadail; cuntais mhíosúla bainistíochta a chur á mbreithniú ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin; rianú agus stádas tionscadal a bhainistiú ag cruinnithe míosúla den chlár bhord.

- An riosca: Ní chomhlíonfaidh córais TF, bainistíocht doiciméad, agus oibríochtaí an QQI an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí faoi Bhealtaine 2018.

Maolaithe ag ceadú do Phlean Tionscadail ón gClár bhord agus seisiúin mhionteagaisc

ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a sholáthar don fhoireann.

- An riosca: Faightear gur sháraigh an QQI a chumhachtaí dlí (ultra vires) tar éis agóid rathúil dhlíthiúil.

Maolaithe de chomhairle dhlíthiúil a fháil agus beartais chun feidhmeanna a fheidhmiú á gceapadh; mionteagasc críochnúil a thabhairt do sholáthraithe agus d'iarratasóirí le go dtuigfidh siad cumhachtaí agus teorannuithe an QQI.

- An riosca: Ní féidir leis an QQI a fheidhmeanna corparáideacha a chomhlíonadh ceal bearnaí foirne agus scileanna.

Maolaithe trí Chomhairleach um Bainistíocht ar Athrú a cheapadh i Meán Fómhair 2017; Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a cheapadh i Nollaig 2017; cead a fháil chun poist a líonadh tar éis bearnaí scileanna a aithint in Airgeadas agus Cumarsáid.

- An riosca: Féadfaidh soláthraithe dúshlán a chur faoi chinntí ACELS de bharr easpa sainordú reachtúil, acmhainní agus lochtanna ar na nósanna imeachta.

Maolaithe trí athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar Rialachán ACELS; Cigirí nua Mhúineadh an Bhéarla a cheapadh.

Achoimre ar Thorthaí Airgeadais 2017

In 2017 fuair an QQI €10.8 milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus eile. Ba é €11.2 mhilliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain pá agus pisin €5.5 mhilliún in 2017.

Cosaint Sonraí

Geallann an QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2003. Is éard is Cosaint Sonraí ann cosaint a thabhairt do cheart daoine aonair ar phríobháideacht maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Foráiltear

sna hAchtanna le haghaidh sonraí a bhailiú agus a úsáid ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Déanann an QQI maoirseacht ar leibhéal comhlíonta na heagraíochta agus cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil socrúithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an QQI chun riachtanais na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.

Nochtaí faoi Chosaint

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád le gur féidir le hoibrithe, atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí, nochtuithe faoi chosaint a dhéanamh agus chun déileáil leis na nochtuithe sin. Cheadaigh an Bord Beartas nua um Nochtuithe faoi Chosaint an QQI i Márta 2017, beartas a chomhlíonann an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní bhfuarthas tuairisc ó aon oibrí de chuid an QQI faoin mBeartas um Nochtuithe faoi Chosaint sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2017.

Fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) dhá thuairisc faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse dhá mhí go dtí an 31 Nollaig 2017. Níor fhostaithe de chuid an QQI a rinne na nochtuithe seo agus baineann siad le hoibrí nó oibrithe a bhí fostaithe in aonán a thagann faoi choimirce an QQI trínar féidir nochtadh den sórt sin a dhéanamh le duine forordaithe sa QQI faoi I.R. 339 de 2014.

Tugadh an dá nochtadh chun críche tar éis imscrúdú.

Gearáin i dtaobh na Seirbhíse

Ní bhfuair an QQI aon gearán i dtaobh na seirbhíse in 2017.

An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012

Tar éis dul i gcomhairle go ceann i bhfad leis an

Roinn Oideachais agus Scileanna agus le grúpa geallsealbhóirí ginearálta an QQI, cheadaigh an Rialtas an Scéim Ghinearálta don Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) an 15 Bealtaine 2017. Meastar go rachaidh sé trí Thithe an Oireachtais le linn 2018, agus go gcuirfidh sé ar chumas an QQI na feidhmeanna a shamhlaítear dó a chomhlíonadh ar shlí níos cuimsithí.

Aguisíní

Aguisín 1

Leibhéal	Cineál na Dámhachtana	2017
1	Mórdhámhachtain	372
2	Mórdhámhachtain	1130
3	Mórdhámhachtain	1777
3	Dámhachtain Sainchuspóra	10
4	Mórdhámhachtain	2056
4	Dámhachtain Sainchuspóra	413
5	Mórdhámhachtain	22733
5	Dámhachtain Sainchuspóra	12651
6	Miondámhachtain Ardoideachais	181
6	Mórdhámhachtain	6095
6	Dámhachtain Sainchuspóra	7157
6	Dámhachtain Forlíontach	57
7	Miondámhachtain Ardoideachais	24
7	Mórdhámhachtain	844
7	Dámhachtain Sainchuspóra	499
8	Miondámhachtain Ardoideachais	16
8	Mórdhámhachtain	2846
8	Dámhachtain Sainchuspóra	478
9	Miondámhachtain Ardoideachais	2
9	Mórdhámhachtain	1970
9	Dámhachtain Sainchuspóra	87
10	Mórdhámhachtain	28

Aguisín 2

Dámhachtainí an QQI dí-chomhbhailithe in 2017: de réir chineál na dámhachtana agus leibhéal den CNC. Ní áirítear in aon tábla dámhachtainí a baineadh amach ó sholáthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6FET	Leibhéal 6HET	Leibhéal 7	Leibhéal 8	Leibhéal 9	Leibhéal 10	lomlán
Mórdhámhachtain	372	1,130	1,777	2,056	22,733	5,909	186	844	2,846	1,970	28	39,851
Miondámhachtain	1,046	7,828	23,958	34,688	113,292	18,495	403	37	184	115		200,046
Dámhachtain Sainchuspóra			10	413	12,651	6,040	1,117	499	478	87		21,295
Dámhachtain Forlíontach						57						



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cálíochta agus Cálíochtaí Éireann

26/27 Denzille Lane
Dublin 2
D02 P266
Ireland
t +353 1 905 8100
@QQI_connect
www.QQI.ie

